Bí bródúil as do theanga

An Fhuinneog Ghaelach

Cumann Gaeilge na hAstráile

Fómhar 2010

1-03-2010

Beannachtaí na Féile Pádraig oraibh!

Dia dhaoibh go léir, fáilte agus athbhliain nua faoi mhaise!

Tús iontach don bhliain nua atá againn.

D'éirigh thar barr le Daonscoil 2010. Go raibh míle maith ag gach duine ar an gcoiste agus gach ceann d'ár mbaill a thug a gcuid ama go flaithiúlach.

Caithfidh mé buíochas a ghábháil lenár múinteoirí iontacha freisin (daoine nua agus daoine ag fil-leadh). Thug sibh go leor ionspioráid do na daltaí ar fad. Bí ag faire amach le haghaidh eolais mar gheall ar Daonscoil 2011. Tá athrú ar an gcoiste chomh maith, d'éirigh Teresa Lynn as mar bhí uirthi imeacht go Sydney le haghaidh a cuid oi-bre. Go néirí léi thuas ansin! Tá áthas orm a rá go bhfuil Ailbhe Mc Daid mar leas-uachtarán nua den gCumann. Ar fheab-has ar fad.

Bhuamar an chéad duais sa chomórtas Global Gaeilge arna eagrú ag Glór na nGael i mbliana. Is onóir an-mhór é seo, agus táimid lán sásta leis. Beidh dinnéar mór ar siúl i mBéal Feirste ar Márta 20, agus beidh Deirdre Gillespie, Siún Uí Mhaoldomhnaigh

Cé hé mise ? Féach ar leathanach 4

agus Eamonn Ó Neachtain ag freastail air chun an duais a bhailiú ar ár son. Is seans iontach é an duais do bheirt dhal-taí eitilt go hÉirinn ar feadh seachtaine, agus a bheith mar dhaltaí sa Ghaeltacht.

Ar lean, leathanach 2

Key Dates for March - April

2 Mar	Seachtain na Gaeilge (evening of special events)
7 Mar	Irish Language Mass in St John's, Clifton Hill
17 Mar	St Patrick's Day
23 Mar	Last class of term 1
30 Mar and 6 Apr	Easter break, no class
13 Apr	Teacher meeting
20 Apr	First class of term 2

Information given here about term dates is for students in Victoria only, and Interstate students should check with their local teacher.

www.gaeilgesanastrail.com

San Eagrán Seo..

Beannachtaí na Féile Pádraig oraibh!	1
Oideas na Míosa	2
Imeacht Mhossie	3
Message from our president	4
Turas go dtí an Ghael-tacht	5
Scoil Na Locha Agus An Ghaeilge	6
The Eclipse	7

Irish Language classes each Tuesday during school terms 7:30 pm in the Celtic Club Melbourne

Oideas na Míosa

Have you got your Irish Language Calendar for 2010 yet ?

Handy desk-size and packed with useful information on the reverse side for learners.

Full details available on the website

WWW.IORARUA.COM

Seo an t-oideas do na brioscaí a rinne mé cúpla seachtain ó shin. Tá súil agam go mbainfidh sibh taitneamh astu.

1 cupán siúcra donn

1 cupán ime

½ cupán almóinn gearrtha (slivered almonds)

2 paicéid brioscaí Marie

½ cupán seacláid bán

MODH:

Cuir an t-oigheann ar siúl ag teocht 175 C. Leáigh an t-im agus an siúcra ar mheánteocht ar feadh 5 nóiméid. Cuir na brioscaí ar trae agus gearr iad más gá.

Líon amach an meascán ar na brioscaí. Scaip na halmóinn gearrtha orthu agus cuir san oigheann iad ar feadh 6-7 nóiméid.

Nuair atá an t-am thart, tóg na brioscaí amach. Leáigh an seacláid bán agus, nuair atá na brioscaí fuar, scaip an seacláid orthu.

Nuair atá an seacláid crua, bris na brioscaí i bpíosaí beaga agus ith!!!

ar leanúint ó leathanch 1…..

Is féidir leo a rogha féin a dhéanamh cathain agus cén Ghaeltacht. Tá na foirm ainmniúcháin le fáil anois. Bí cinnte go gcuireann sibh bhur vótaí isteach chuig an rúnaí roimh an Márta 23.

Anseo i Melbourne, tá na ranganna tosnaithe, agus ba mhaith liom an deis seo a thapú chun fáilte a chur roimh ár mbaill nua agus iad siúd ag filleadh ar ais. Chomh mhaith leis na ranganna, bhí oíche sóisialta le ceol/canadh/ceistiúchán agus scannán againn. Rinneamar é seo mar chuid de cheiliúradh Seachtain na Gaeilge. Buíochas le Nóirín agus an cór, Stuart agus gach duine a d'oibrigh ar an oíche. Bhain cách an-taitneamh as an oíche ! Táimid ag súil le gach duine a fheiceáil ar an Márta 23 le haghaidh ceiliúradh deireadh an téarma.

Bhí an t-Aifreann Gaeilge againn ar Márta 7 san eaglais Naomh Eoin ar Queens Parade,Clifton Hill. Ba é seo an 25ú bliain don Aifreann. Buíochas le gach duine a ghlac páirt ann.

Ag Brigidfest i mbliana, d'fhreastail grúpa ón gCumann agus bhí stainnín againn ann. Bhí an-suim ag daoine ann agus fiú amháin, dhíolamar cúpla earraí!

Mar a dúirt mé cheana, beidh go leor imeachtaí ar siúl againn i mbliana. Tá súil agam go bhfeicfidh mé sibh go léir ann. Bíodh lá fhéile Phádraig maith agaibh agus Cáisc shábháilte agaibh chomh maith.

Karolyne Paron, Uachtarán

Imeacht Mhossie

D'imigh Mossie ar ais go hÉireann i Mí Meán Fomhair seo caite. Mise a thug lámh chúnta dó chun a chuid earraí a thabhairt amach go dtí an t-aerfort mar ní haon taistealaí ar bheagán bagáiste An Scanlánach, bígí cinnte de. Ba iontas domsa cé chomh neamhchúiseach is a bhí sé agus sinne ag fál-róid timpeall, in ainneoin go raibh a mhálaí á iompar ar thrucail aige; dhá cheann ullmhóra a bheadh ag dul sa 'cargo hold' ní ba dhéanaí, ceann eile a bhí lán dá ghiúirléidí pearsanta ina lámh aige, agus a ríomhaire glúine ar a ghualainn. Agus fós ní raibh sé sásta, óir go raibh sé beartaithe aige tabhairt faoin 'duty free' in Abudabi! Mise a bhi ag cuir allais ag iar-raidh súil a choimeád ar na málaí fhad is a bhíomar suite sa chaifitéire ag ól caifé agus ag comhrá, agus Mossie ar a sháimhín só. Faoi dheireadh bhí mé chomh corrthónach gurb' éigean dom é a mhealladh isteach i dTigh Uí Bhriain nó 'DJ O'Brien's Irish Pub' mar is fearr aithne air, chun faoisimh bheag a bheith againn ón glór agus ó na slúaite mórthimpeall orainn.



Ba i gcoinne a thola a chuaigh Mossie isteach ar ndóigh, ach bhíos féin deimhneach de gur cheart dó leathuair a chloig nó mar sin a chaitheamh ann chun phionta dhubh le bhlas cheart a ól, toisc é a bheith as taithí, tá 's agat. Mo léan nach raibh 'DJ' féin ann an t-am seo chun fáilte a chuir romhainn. Stócach mór As-trálach a chuir suas na piontaí dúinn, ach dhein sé an-jab orthu - mac de 'DJ' féin ab ea é, is dócha.

Ag feitheamh leis an eitleán dúinn, bhíomar ag smaoineamh agus ag cur trí chéile an saol mar a bhí ag Mossie i laethanta a óige i gCorca Dhuibhne. An uair sin tógadh lá ar fad ag dul ón Daingean go Cathair Chorcaí ar an mbus, agus anois, bhí sé réidh chun taistil timpeall na cru-inne, go Abudabi, go B.Á.C, go Bostún agus áiteanna éagsúla nach cuimhin liom anois. Sé príomh-chúis a chuairt ar Éirinn an babhta seo ná seoladh a dhírbheathaisnéise AN MÁM Ó DHEAS, leabhar a scríobh sé anseo i Melbourne agus atá anois foilsithe in Éirinn ag An Sagart. Comhlucht bheag is ea An Sagart atá faoi cheannas Phádraig Uí Fhiannachta, fear a bhfuil clú agus cáil air mar iar-Ollamh le Sean-Ghaeilge i Mágh Nuad agus mar fhear oilte i ngach a mbaineann le leabhair agus le foil-sitheoireacht i saol na Gaeilge. Is sa Daingean atá An Sagart lonnaithe agus is ann a bhí an chéad sheoladh ag Mossie, i measc a mhuintir féin mar ba chóir. Tá an leabhar le fáil cheana féin anseo i Melbourne agus in áiteanna eile ar fud an domhain, agus ar an idirlíon.

Tar éis An Nollaig á chaitheamh in Éirinn d'ar-daigh Mossie a sheolta arís agus thug sé a aghaidh ar Na Stáit Aontaithe, áit a bhfuil Scanláinigh agus Muircheartaigh ó thaobh a mháthar, lonnaithe leis na blianta fada. Is i mBostún Massachusetts atá sé i láthair na huaire agus níl aon amhras ach go bhfuil teagmháil déanta aige cheana féin le Gaeilgeoirí na cathrach. Táimid ag tnúth anois le scéal nua ó Mhossie a gcuirfidh sinn ar an eolas i dtaobh saol na Gaeilge i Meiriceá agus an slí ina bhfuil cúrsaí ann.

San idirlinn guímís gach rath ar Mhossie agus ar a leabhar.

Criostóir Ó Maonaigh

A message from our president

Hello,welcome & happy new year!

What a wonderful start to 2010 we have had so far. Daonscoil 2010 was a roaring success. Thanks to all the committee and our members who gave so generously of their time.

Thanks also to our wonderful teachers (new and returning!) who really inspired our students. Stay tuned for details of Daonscoil 2011.

We have also had a change in our committee. Teresa Lynn has resigned as vice-president due to work commitments in Sydney. We wish her the very best of luck in her new role.

Ailbhe Mc Daid is our new vice-president and we look forward to working with her in promoting the Cumann.

Cumann Gaeilge na hAstráile has been awarded 1st prize in the Global Gaeilge competition hosted by Glór na nGael.This is a huge honour and we are delighted with the result.

The prize will be presented in Belfast on March 20th at an official reception. Deirdre Gillespie, Siún Uí Mhaoldomhnaigh and Eamonn Ó Neachtain will be attending the ceremony on our behalf.

The prize is a great opportunity for two students to fly to Ireland and attend a Gaeltacht of their choice for one week. Nomination forms are available now and must be returned to the Secretary by 23rd March.

Here in Melbourne, classes have resumed and I wish to take this opportunity to welcome both our new and returning members.

As well as our usual classes, we have had a quiz/movie/song night as part of our Seachtain na Gaeilge celebrations.

Thanks to Nóirín and the choir, Stuart and all who helped make it a great success. We look forward to everyone's company again on the 23rd March for an end of term celebration.

This year saw the 25th anniversary of an t-Aifreann Gaeilge and we celebrated the mass in St John's church on Queens Parade in Clifton Hill on the 7th March. Thanks to all who participated.

We have also been represented at the Brigidfest lunch by a table made up of our members. We also had an event stall there which generated a lot of interest and a few sales!

As well as celebrating our win from Glór na nGael, we have some wonderful activities lined up for 2010 and I look forward to sharing them with all of you. Happy St. Patrick's Day and have a safe Easter.

Spailpín i bhFad ó Bhaile?

An é seo dealbh 'An Spailpín Fánach' i gceartlár Koroit, Victoria Thiar? Féach ar a mhála lán de prátaí deasa!

De réir an seanfhocail 'an té a bhíonn siúlach bíonn sé scéalach' agus dá bhrí sin ní fhéadfá aon teorainn a chur le scéalta an fhir seo atá i bhfad ó bhaile gan aon agó.

Go maire thú do chulaith éadaigh bhuí, a spailpín uasail!

Are you reading *An Fhuinneog Ghaelach* for the first time ?

You can find all the back issues of this newsletter on our Cumann Website

www.gaeilgesanastrail.com

And also be sure to look at *An Lúibín*, a fortnightly newsletter by Colin Ryan

Turas go dtí an Ghaeltacht

Anuraidh, bhuaigh Cumann Gaeilge na hAstráile an tríú duais i gcomórtas ó Glór na nGael. Turas seachtain amháin go dtí an Gaeltacht i gCiarraí do bheirt. Toghadh mé féin agus ball eile den Chumann, Seán Ó Caollaidh, chun dul ar an turas.

Bhí áthas an domhain orainn a bheith roghnaithe agus bhíomar ar bís agus neirbhíseach ag an am céanna. Bheadh sé sin ár gcéad chuairt go dtí an Gaeltacht. Thaistealamar le Etihad agus cé go raibh an eitilt fada bhí sé compordach. Shroiceamar Baile Átha Cliath san iarnóin, timpeall am lóin.

Bhuail mo dheirfiúr linn ag an aerfort agus chaitheamar an tráthnóna léi sa chathair. D'fhanamar thar oíche léi agus maidin arna mhárach go moch, maidin Dé Domhnaigh, fuaireamar eitilt go Ciarraí. Bhuail cara liom linn agus bhí bricfeasta againn ag a áit.

Níos déanaí san iarnóin thug sé féin agus a bhean chéile síob dúinn go Baile an Fheirtéaraigh, is sráidbhaile beag iargúlta é i gceantar Gaeltachta ar an gcósta iardheisceart. D'fhanamar i B&B a bhí deas compordach agus ní raibh sé ach cúig nóiméad ag siúl ón sráidbhaile.
Bhí bean an tí go han cineálta agus cairdiúil agus thug sí bricfeasta an-bhlasta dúinn gach maidin. Chomh maith le sin thaitin sé mór liom dúiseacht gach maidin sa tuath, an fharraige mhór i gcéin, an ceo maidine ar na cnoic, na héin, agus na hainmhithe sna páirceanna, bhí sé go hiontach.

Ar maidin Dé Luain chuamar i rang, meánrang, le deichniúr eile. Bhí daltaí ó Bhaile Átha Cliath, Chiarraí, agus Chorcaigh agus ár múinteoir ar ndóigh, bean óg as Cill Dara. Rinneamar na gnáthghníomhaíochtaí gach lá, ag cleachtadh ár gcomhrá, roinnt gramadach, ag éisteacht le dlúthdhioscaí agus cluastuiscint etc.

Ni dhéanfaidh mé dearmad ar an gcéad sos. D'fhiafraigh mé den bhean a bhí ina seasamh in aice liom, conas a bhí sí agus an raibh morán Gaeilge aice? Dóbair gur thit mé ina chnap nuair a duirt sí liom gur ollamh na Gaeilge í ar an ollscoil i mBaile Átha Cliath. "Is maith sin" arsa mise agus ansin rinne mé dearmad ar gach focal Gaelach eile a bhí agam. Áfach, ní mór dom a rá go raibh sí an-cabhrach nuair a fuair sí amach nach raibh mé ach ag foghlaim fós.

Bhí gníomhaíochtaí éagsúla ar an oíche chomh maith, aíonna speisialta, ceoltóirí, cainteanna ar stair áitiúil etc.

Thugamar cuairt ar na hoileáin ar an Déardaoin le Gaeilgeoir áitiúil, Domhnall Mac Síthigh, colceathair le Mossie Scanlon. Ar an drochuair, níor thuig mé gach rud a dúirt sé linn ar an turas ach bhí an aimsir go hiontach agus thaitin an turas go mór liom ar fad ar a shon sin.

Thaispeáin sé uaigh Peig Sayers agus cúpla ionad stairiúil eile dúinn ar an slí abhaile.

De ghnáth, chuaigh mé féin agus Seán go dtí an teach tábhairne áitiúil le haghaidh an tae. Bhí banna traidisiúnta acu gach oíche agus gach oíche bhí an áit plódaithe.

Bhí ceolchoirm ann ar an oíche Dé hAoine agus bhí sé thar barr. Bhí na ceoltóirí agus na hamhránaithe ar fheabhas ar fad, fiú amháin seinn ár múinteoir féin an fhidil agus ghabh sí cúpla amhrán dúinn. Chuamar ar ais go Baile Átha Cliath ar an Satharn agus d'fhreastaileamar ar chluiche peile i bPáirc an Chrócaigh idir Ciarraí agus Tír Eoghain Dé Domhnaigh.

Bhí Ciarraí ró-láidir ar an lá agus bhuaigh siad an cluiche go héasca sa deireadh thiar thall. D'imigh Seán abhaile lá arna mhárach agus chaith mé cúpla lá eile le mo bheirt deirfiúracha sular d'imigh mé féin. Bhí mé spíonta caite nuair a tháinig mé ar ais abhaile. Caithfidh mé a rá gur bhain mé taitneamh as an turas ar fad. Bhí gach duine go han cairdiúil agus tá mé ag súil go mór leis an chéad turas eile níos déanaí i mbliana.

Gerry Halliday

Scoil Na Locha Agus An Ghaeilge

Criostóir Ó Maonaigh

Le dhá bhlian anuas bíonn rang Gaeilge ar siúl le linn na seachtaine ag Scoil na Locha *i Koroit, Western Victoria.*

Ní raibh Cumann Gaeilge na hAstráile páirteach go hoifigiúil sna ranganna sin, ach ghlac mé féin agus Muiris Ó Scanláin le fonn leis an gcuireadh a thug Scoil Na Locha dúinn go pearsanta chun na ranganna a eagrú dóibh, toisc gurbh é cuir chun cinn na Gaeilge a bhí i gceist.

Comh maith leis an rang Gaeilge i *Koroit*, i mbliana bhí seimineár speisialta Gaeilge in *Crossley Hall* in aice láimhe, a bhí comheagraithe ag Scoil na Locha agus Cáirde Naomh Bríde, *Crossley*.

Bhí slua mór daoine ann agus i rith an t-seimineáir cuireadh an béim go mormhór ar an saol Gaelach as a dtáinig formhór na nÉireannach a lonnaigh sa cheantar úd céad go leith bliana ó shin.

Aimsíodh é seo go príomhúil ar áitritheoirí an cheantair chun iarracht a dhéanamh ar a gcuid suime sa Ghaeilge a spreagadh.

Tá sé ráite ag seanóirí na háite le fada an lá go raibh beagáinín den Ghaeilge le cloisteáil fós sa cheantar suas go dtí lár an chéad seo caite, agus tá fianaise imthoisceach le fáil ó litríocht agus ó stair na teanga féin go raibh an Ghaeilge ó dhúchas ag cuid maith des na ceannródaithe, de réir gach dealraimh.

Anois agus an Ghaeilge sáite isteach i Scoil na Locha, táthar ag súil le hathbheochan bheag don Ghaeilge sa *Shire of Moyne* amach anseo.

Ach cén saghas nasc foirmiúil idir feachtas áitiúil agus An cumann 's againne a roghnóidís, nó arb' fhearr leo a bheith neamhspleách? Fágaimís an cheist sin acu ar an gcéad dul síos.

Tá sé fógraithe ag Scoil na Locha agus Cáirde Naomh Bríde go mbeidh Ceárdlann na Gaeilge ar siúl i *Crossley Hall* ar An Satharn 03 Iúil 2010 a thosnóidh ag meánlae, agus beidh coirm-cheoil Gaelach i *Koroit* um tráthnóna chun Scoil na Locha in Eanáir 2011 a sheoladh.

For the past two years The Lake School of Celtic Music, Song and Dance at Koroit in Western Victoria has run an Irish language class during the week. The Irish Language Association Of Australia has had no official involvement, however Mossie Scanlon and I gladly accepted personal invitations from The Lake School to run the classes as an opportunity for the advancement of the language.

This year in addition to the Irish class at Koroit a special Irish language seminar was arranged at nearby Crossley Hall by The Lake School in conjunction with the The Friends Of St Brigid's, Crossley. There was a large attendance and in the course of the seminar much emphasis was placed on the Irish-speaking background from which so many of the original settlers of the district came one hundred and fifty years ago. This was aimed primarily at local inhabitants in an attempt to spark an interest in the language. It has long been asserted locally by the elder folk that Irish was spoken in the district up until the middle of last century and it is demonstrable through circumstantial evidence from the literature and history of the language itself that many of the ancestors of today's population would have been native Irish speakers.

With the Irish classes having been successfully embedded in The Lake School, there are now hopes for a future locally-based Irish language revival within the Shire of Moyne. What type of formal connection should a local movement choose with The Irish Language Association of Australia, or would they prefer to be an independent group? Let's leave the question for them to decide in the first instance.

The Lake School and The Friends of St Brigid's have announced that there will be an Irish language Workshop at the Crossley Hall on Saturday 03 July 2010 starting at midday, and in the evening there will be a concert of traditional Irish music in Koroit. These events are being organised as a promotion for The Lake School for January 2011.

The Eclipse

Níl dabht ar bith go bhfuil ceird na scéalaíochta ag Conor McPherson. Tá meas na criticeoirí bainte amach aige le *The Weir* (1997), an chéad dráma aige ar Broadway. Bhuaigh an dráma an *Laurence Olivier* award le haghaidh an dráma nua is fearr sa bhliain (duais buaite ag beirt Éireannach eile - Brian Friel le *Dancing at Lughnasa* (1991) agus ag Martin McDonagh i 2004 le *The Pillowman* .) San dráma *The Weir*, cuireann McPherson os ár gcomhair daoine atá caillte, dóibh féin agus do gach éinne mórthimpeall orthu agus an easpa cumarsáide agus caidrimh phearsanta a fhulaing gach aon duine le linn a s(h)aol. Tá gnéithe osnádúrthatha ann, a impíonn an scanradh agus an brón a cuireann isteach orainn go léir. 'Siadsan cuid desna téamaí uilíocha a mbaineann le saothar McPherson, a címid arís is arís in a chuid dramaí nuachumhtha – *Port Authority, Shining City* agus *The Seafarer*. Is léir nach bhfuil easpa talainn aige, ná easpa cáil mar dramadóir ach oiread. Le déanaí afách, tá an dráma go formhór fágtha ar leataobh aige agus a chuid suime curtha ar an scáileán airgid.

Bhí baint ag McPherson le roinnt scánnán neamhspleách – b'é an ceann is cáiliúla ná *I Went Down*, scánnán ina raibh McPherson ina scríbhneoir. Leis an scánnán nua sin *The Eclipse*, faighimíd McPherson ina stiúrthóir, agus scríbhneoir den chéad uair, agus is léir go bhfuil na téamaí seasmhach óna dhrámaí an láidir arís. Bunaithe ar gearrscéal Billy Roche, 'sé *The Eclipse* ná scéal baintreach fir (Ciarán Hinds) ag sracadh leis an saol i ndiaidh bás, ón ailse, a bhean chéile. Tá beirt paiste óg aige agus tá air leanúint ar aghaidh mar is gnách, cé go bhfuil an tóin tite as a dhomhan féin. I rith an scánnáin, cuidíonn Michael Farr, an baintreach fir, le féile litríochta atá ar siúl sa bhaile beag, an Cóbh i gContae Chorcaí. Tarlaíonn an scéal ar fad insan Cóbh, áit roghnaithe ag McPherson de bharr "its gothic atmosphere….where past and present, living and dead, [are] palpably in reach of each other." Buaileann Farr le Lena Morelle (Iben Hjejle) ann, scríbhneoir ag tabhairt cuairt ar an bhféile chun labhairt féna leabhair osnádúrtha. Admhaíonn Farr di go bhfeiceann sé taibhsí, nó spioraid, nó n'fheadar céard, go minic agus leanann an scánnán as sin ar aghaidh. Faighimid sos greannmhar ó Nicholas Holden (Aidan Quinn), údar Meireacánach gan meas ná fíneáltacht ar bith aige. Ach, den chuid is mó, is scánnán dorcha, corraitheach é *The Eclipse*. Déanann McPherson jab den chéad scoth leis an soilsiú chun an t-atmaisféar a chrúthú – tarlaíonn mórán i ndiaidh luí na gréine, agus, ar aon nós, bíonn an aimsir gruama ar fad san Cóbh i rith an gheimhridh. Is léir go mbaineann an easpa soilse go hiomlán leis an fhirinne nach bhfuil solas ar bith fágtha i saol Michael Farr agus go bhfuil an dorchadas i gcónaí ag teacht anuas air, de ló is d'oíche.

Agus is feidir breathnú ar an scánnán go fáthchiallach – mar thráchtas ar brón agus ar creach. Oibríonn sé mar sin – is aisteoir den chéad scoth é Ciarán Hinds agus tá gach móthucháin le feiceáil ar a aghaidh – an dólás, an fearg, an brú, an eagla agus an brón dianmhar a mbaineann le bás agus dobrón. Agus ag deireadh an scánnáin, faighimíd srac fhéachaint ar an dóchas atá romhainn go léir, i ndiaidh na stoirme, nuair a osclaítear na fuinneoga agus tá teach Mhichíl plódaithe leis an ngrian.

Is scánnan neamh-ghnách é *The Eclipse.* Déileálann an scannán le téamaí deacra, duairce, go crógach agus go díreach. Caithfear a rá anois gur scannán uafás é *The Eclipse* agus baintear úsáid as na ghnáthcleasanna ó thaobh an t-uafás. Bainfear geit asat uair nó dhó – níl fadbh ar bith le sin. Ach áit éigin, idir lámh an *undead* ag léim ón talamh agus urlár an chófrá ag oscailt ar bhéal Ifrinn, bíonn cuid de éifeacht an scéil caillte. Gan dabt, is mór iad na difríochtaí idir an stáitse agus an scannán. Caithfear úirlisí an cheird a úsáid. Is íoróin é go dtógann na héifeachtaí speisialta ón éifeacht iomlán sa chás seo. Baineann *The Eclipse* le téamaí uilíocha, mar a mbaineann *The Weir* agus *The Seafarer*, agus, go háirithe má dhúnann tú do shúile i rith an t-uafás, ní féidir leat éirí amach as an bpictiúrlann gan machnamh a dhéanamh ar chumhacht an bhróin agus cumhacht an spioraid phearsanta.

Ailbhe McDaid

The Eclipse – Conor McPherson (Stiúrthóir)

2010 Irish Film and Television Awards – Best Film, Best Screenplay, Best Supporting Actor

2009 Tribeca Film Festival – Best Actor

2009 Sitges International Film Festival – Grand Prize European Fantasy Film

Curtha le fáil san Astráil ag **JUMP STREET FILMS** ón **15ú la d'Aibreán.**

Cumann Gaeilge na hAstráile Teo

Éarlamh: Máire Mhic Ghiolla Íosa

IRISH LANGUAGE ASSOCIATION OF AUSTRALIA INC.

Patron: Mary McAleese, President of Ireland

Cumann Gaeilge na hAstráile, the Irish Language Association of Australia is a non-profit organisation run entirely by volunteer tutors and a voluntary committee of management. Its aim is to promote the Gaelic language as a second language within the Australian community, and to form networks with other cultural, heritage and Gaelic-speaking groups. Formally established back in 1992, the ILAA offers structured weekly language classes to students of all ages, nationalities, and walks of life, across a range of levels — absolute beginners, basic, intermediate, advanced — as well as the opportunity to practice and converse together in a supportive environment.

Members receive a quarterly newsletter; access to the library; and also enjoy weekly singing and informal conversation sessions; as well as participation in social events and residential language schools.

Irish Language Association of Australia Inc., 320 Queen Street, Melbourne VIC, 3000.

Annual Membership Application or notification of change of address, telephone number, mobile, email.

[ ] New Membership [ ] Renewal [ ] Update

Sloinne .....
(surname)

Céad ainm .....
(first name)

Seoladh .....
(address)

.....

Guthán bh) .....
(phone)

ah) .....

Fón .....
(mobile)

Ríomhphost .....
(email)

Membership fee is $30 per annum and due each January. Class fee is $4 per week.